Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0392(NLE)**

**14988/23**
**ADD 1**

**AELE 40**
**EEE 37**
**N 93**
**ISL 52**
**FL 31**
**MI 935**
**CLIMA 530**
**ENV 1232**
**ENER 594**
**TRANS 471**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 696 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE (ETS Muirí agus Suite) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 696 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 696 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.11.2023
COM(2023) 696 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(ETS Muirí agus Suite)**

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí loingseoireachta muirí a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long[1] , tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Tá Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa[2], tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Tá Cinneadh (AE) 2023/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le líon na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh chóras trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030[3], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Tá Cinneadh (AE) 2023/1575 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2023 maidir le cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais atá le heisiúint faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais do 2024[4], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Tá cainníocht iomlán na lamháltas atá le heisiúint don bhliain 2027 faoin gcóras nua trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh, iompar de bhóthar agus earnálacha breise le foilsiú ag an gCoimisiún faoin 1 Eanáir 2025 agus, fearacht an Chórais Trádála Astaíochtaí atá ann cheana, bunófar an chaidhp mar chainníocht lamháltas do LEE ina iomláine. Ba cheart do Stáit CSTE LEE sonraí ionchuir a sholáthar agus rachfar i gcomhairle leo le linn phróiseas ullmhaithe an Chinnidh ábhartha ón gCoimisiún.

[1] IO L 130, 16.5.2023, lch. 105.
[2] IO L 130, 16.5.2023, lch. 134.
[3] IO L 110, 25.4.2023, lch. 21.
[4] IO L 192, 31.7.2023, lch. 30.

(6) Tá ionchorprú Threoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle gan dochar do mheasúnú Stáit CSTE ar Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta i gcomhthéacs raon feidhme Chomhaontú LEE.

(7) Bunaithe ar aontas réigiúnach Lichtinstéin leis an Eilvéis agus i gcomhréir leis an gconradh déthaobhach maidir le muirir chomhshaoil[5], cuirtear cáin ar CO2 i bhfeidhm i Lichtinstéin, agus is iad údaráis agus eintitis na hEilvéise a dhéanann an cháin sin a riar, lena n-áirítear bailiú, faireachán agus tuairisciú. Dá bhrí sin, i gcás Lichtinstéin, i ndáil leis an gcóras nua trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh, iompar de bhóthar agus earnálacha breise, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar dháta deiridh an mhaolaithe de réir Airteagal 30e(3) de Threoir 2003/87/CE agus díolúine a thabhairt ó na rialacha riaracháin gaolmhara go dtí sin agus coigeartuithe comhfhreagracha a dhéanamh ar fhoinsí na sonraí astaíochtaí.

(8) Cuirtear Stáit CSTE san áireamh sna figiúirí a fhoilsítear le Cinneadh (AE) 2023/1575 maidir le cainníocht na lamháltas don Aontas ina iomláine le haghaidh 2024 agus sa laghdú bliantúil ar na lamháltais atá le heisiúint mar thoradh ar chur i bhfeidhm an fhachtóra laghdaithe línigh, i gcomhréir le Treoir (AE) 2023/959.

(9) Ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Leasaítear 21al (Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) mar a leanas:

   (i) cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas:

      '- **32023 L 0959**: Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134).';

   (ii) cuirfear an méid seo a leanas in ionad oiriúnú (d):

      '(d) Airteagal 3d(4), an ceathrú habairt den dara fomhír d'Airteagal 3ga(3), Airteagal 10(3), Airteagal 30d(6) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 30e(3)(h), ní bheidh feidhm acu maidir le Stáit CSTE.';

   (iii) in oiriúnú (e), cuirtear na focail 'Cuirfear na míreanna seo a leanas isteach i ndiaidh na chéad mhíre d'Airteagal 9' in ionad na bhfocal 'Cuirfear na míreanna seo a leanas isteach in Airteagal 9';

   (iv) scriostar oiriúnú (j); athuimhrítear oiriúnuithe (f) go (i) mar oiriúnuithe (g) go (j);

   (v) cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (e):

      '(f) Cuirfear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh an dara mír d'Airteagal 9:

[5] Vertrag zwischen dem Fürstentum Liechtenstein und der Schweizerischen Eidgenossenschaft betreffend die Umweltabgaben im Fürstentum Liechtenstein, abgeschlossen am 29. Januar 2010 (LGBl. 2010 Nr. 12).

"I leith Stáit CSTE, na figiúirí a chuirtear san áireamh le haghaidh ríomh na cainníochta uile-LEE de lamháltais atá le heisiúint ó 2024 ar aghaidh de bhun an Airteagail seo, leagtar amach iad i gCuid B den Aguisín."';

(vi) athuimhrítear oiriúnuithe (t) agus (u) mar oiriúnuithe (z) agus (za); athuimhrítear oiriúnuithe (l) go (s) mar oiriúnuithe (o) go (v); athuimhrítear oiriúnú (k) mar oiriúnú (l);

(vii) cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach i ndiaidh (j):

'(k) In Airteagal 10a(1), cuirtear na focail ", nó oibleagáidí coibhéiseacha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta i Stáit CSTE," isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 8 de Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle".;

(viii) cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (l):

'(m) Cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach i ndiaidh an dara fomhír d'Airteagal 12(3-d):

"Cinntí maidir le Stáit CSTE, is é Comhchoiste LEE a dhéanfaidh iad, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i gComhaontú LEE."

(n) Cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 12(3-c):

"Cinntí maidir le hiarrataí arna ndéanamh ag dhá Stát de chuid CSTE, is é Comhchoiste LEE a dhéanfaidh iad, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i gComhaontú LEE."';

(ix) cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (o):

Cuirfear an abairt seo a leanas isteach i ndiaidh an dara habairt d'Airteagal 16(3):

"Déanfaidh Stáit CSTE foráil maidir le pionóis i leith astaíochtaí iomarcacha atá coibhéiseach leo siúd i mBallstáit an Aontais."';

(x) cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (s):

Cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach in Airteagal 18b(1):

"Chun a gcúraimí faoin Treoir a chur i gcrích, féadfaidh Stáit CSTE agus Údarás Faireacháin CSTE cúnamh a iarraidh ar EMSA nó ar eagraíocht ábhartha eile agus féadfaidh siad aon socrú iomchuí a thabhairt i gcrích chuige sin leis na heagraíochtaí sin."';

(xi) cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (v):

'(w) Cuirtear an abairt seo a leanas leis an séú fomhír d'Airteagal 30d(4):

"Sa chás dá dtagraítear san fhomhír seo, ní dhéanfar difear don sciar de na lamháltais de chuid Stáit CSTE a chuirtear ar fáil le haghaidh an Chiste Aeráide Shóisialta i gcomhréir le hAirteagal 10a(8b) den Treoir seo, mír 3 den Airteagal seo agus an mhír seo."

(x) A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirtear an mhír seo a leanas in ionad Airteagal 30e(3)(a):

"Cuireann an Stát de chuid CSTE lena mbaineann Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoin gcáin náisiúnta sin ar charbón 2 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh xx/2023 ó Chomhchoiste LEE an

xx [an Cinneadh seo], agus an leibhéal cánach á dhoiciméadú trí thagairtí a sholáthar don ionstraim náisiúnta ábhartha maidir leis an ráta cánach reatha agus na rátaí cánach léirithe suas go dtí 2030; tugann an Stát de chuid CSTE lena mbaineann fógra d'Údarás Faireacháin CSTE faoi aon athrú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an gcáin náisiúnta ar charbón; cuirfidh Údarás Faireacháin CSTE aon fhógra ó Stát de chuid CSTE in iúl don Choimisiún go pras, agus tráth nach déanaí ná aon mhí amháin ina dhiaidh sin;"

(y) Cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach in Airteagal 30e(3):

"I gcás Lichtinstéin, déanfar cur i bhfeidhm dháta deiridh an mhaolaithe, an 31 Nollaig 2030, a athbhreithniú mar chuid den chéad Chinneadh eile ón gComhchoiste maidir le Treoir 2003/87/CE tar éis athbhreithniú mhí Iúil 2026 ar an Treoir, agus cuirfear san áireamh na rialacha ábhartha is infheidhme i Lichtinstéin mar gheall ar a haontas réigiúnach leis an Eilvéis agus go háirithe an cháin ar $CO_2$ agus riar na cánach sin mar a rialaítear i gcomhréir leis an gconradh déthaobhach maidir le muirir chomhshaoil i bhfianaise a gcoibhéise leis an gcóras trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh, d'iompar de bhóthar agus d'earnálacha breise, agus a mhéid is féidir torthaí an athbhreithnithe ón gCoimisiún ar chur chun feidhme Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE i gcomhréir le hAirteagal 30i den Treoir sin.

Go dtí go dtiocfaidh an chéad Chinneadh eile ón gComhchoiste maidir le Treoir 2003/87/CE i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag Airteagal 30b ná ag Airteagal 30f de Threoir 2003/87/CE i Lichtinstéin. Aon sonraí atá ábhartha maidir le coigeartuithe ar chainníocht na lamháltas don Aontas ina iomláine i gcás Lichtinstéin a bhaineann leis an gcóras trádála astaíochtaí arna bhunú faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, tógfar iad as fardail UNFCCC maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh Lichtinstéin fad is nach bhfuil sonraí faireacháin de réir Airteagal 30f den Treoir ar fáil."';

(xii) cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs Chuid B den aguisín a ghabhann le hoiriúnú (za):

**'CUID B**

**Figiúirí Stát CSTE atá ábhartha maidir le ríomh agus coigeartú cainníocht na lamháltas do LEE ina iomláine atá le heisiúint ó 2021 go 2030 de bhun Airteagail 9 agus 9a de Threoir 2003/87/CE**

Chun na figiúirí sin a chinneadh, cuireadh i bhfeidhm an fachtóir líneach 2.2 % ó 2021 go 2023, 4.3 % ó 2024 go 2027 agus 4.4 % ó 2028.

| **Caidhp astaíochtaí 2021-2030** | **An Íoslainn** | **An Iorua** |
|---|---|---|
| 2021 | 1 432 642 | 16 304 948 |
| 2022 | 1 393 440 | 15 858 793 |

| | | |
|---|---|---|
| 2023 | 1 354 238 | 15 412 638 |
| 2024 | 1 227 504 | 14 242 697 |
| 2025 | 1 148 901 | 13 331 215 |
| 2026 | 1 045 721 | 12 140 314 |
| 2027 | 967 476 | 11 235 954 |
| 2028 | 887 411 | 10 310 563 |
| 2029 | 807 347 | 9 385 171 |
| 2030 | 727 282 | 8 459 779 |

Ní áirítear sna figiúirí sin na lamháltais a chomhfhreagraíonn d'astaíochtaí gás ceaptha teasa, nach astaíochtaí $CO_2$ iad ó ghníomhaíochtaí muiriompair, a bheith cuimsithe faoi raon feidhme na Treorach lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí ón 1 Eanáir 2026 agus cumhdach na n-astaíochtaí ó longa amach ón gcósta ón 1 Eanáir 2027, bunaithe ar a n-astaíochtaí don bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith."'.

2. Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 21alj (Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

'- **32023 D 0852**: Cinneadh (AE) 2023/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 (IO L 110, 25.4.2023, lch. 21),

- **32023 L 0959**: Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134).'

3. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21apn (Cinneadh (AE) 2020/1722 ón gCoimisiún):

'21apo. **32023 D 1575**: Cinneadh (AE) 2023/1575 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2023 maidir le cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais atá le heisiúint faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais do 2024 (IO L 192, 31.7.2023, lch. 30).'

4. Leasaítear 21aw (Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid a seo a leanas in ionad an teidil:

'Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE';

(ii) cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas:

'- **32023 R 0957**: Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 (IO L 130, 16.5.2023, lch. 105).'.

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán (AE) 2023/957, Threoir (AE) 2023/959 agus Cinntí (AE) 2023/852 agus (AE) 2023/1575 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], nó ar an lá tar éis an fhógra dheireanaigh chuig Comhchoiste LEE faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE, cibé acu dáta is déanaí[6*].

[Beidh feidhm aige ón 31 Nollaig 2023.]

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*[…]*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
*[…]*

---

6 * [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]